## Tábla A Tábla A– An chaoi a n-úsáidimid na sonraí pearsanta a bhailímid – Seirbhísí Uchtála Ginearálta

Ní úsáidfimid do shonraí pearsanta ach le haghaidh na cuspóirí agus bunúis dlí a leagtar amach sa tábla thíos.

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Chun ár seirbhísí a chur ar fáil, lena n-áirítear:<br>- Cumarsáid a dhéanamh leat i ndáil le: faisnéis iar-uchtála, an próiseas uchtála (baile agus idir tíortha); seirbhísí comhairleoireachta; faisnéis faoi shaincheisteanna a bhaineann le huchtáil. | Sonraí pearsanta a bhaineann leatsa, agus i gcásanna áirithe le daoine, mar shampla do leanbh nó tuismitheoirí breithe, nó do leanbh uchtaithe nó tuismitheoirí uchtaíocha, mar is infheidhme. (Beidh an cineál sonraí pearsanta a phróiseáiltear ag brath ar cé tú féin agus cad é an tseirbhís atá in úsáid agat). | (a) Chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla faoi na hAchtanna Uchtála 2010 (arna leasú), nó le dlíthe eile is infheidhme, nuair a éilítear orainn;<br>(b) Ar mhaithe le leas an phobail agus i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) RGCS agus Airteagal 96 de na hAchtanna Uchtála 2010 (arna leasú);<br>(c) Chun do leasanna ríthábhachtacha nó leasanna ríthábhachtacha duine atá beo a chosaint. |
| Chun ár bhfheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear:<br>- Cumarsáid a dhéanamh le Tusla, faisnéis a fháil uathu agus a aistriú chucu, i ndáil le seirbhísí faisnéise agus rianaithe, agus i ndáil le hiarratais uchtála; tá Comhaontú Comhroinnte Sonraí (DSA) déanta ag an Údarás le Tusla – le fáil anseo;<br>- Cumarsáid a dhéanamh le Gníomhaireachtaí Uchtála, Ranna Rialtais, agus tríú páirtithe eile; tá DSA déanta ag an Údarás le hOifig an Chláir Ghinearálta (GRO), an Roinn Coimirce Sóisialaí a bhfuil fáil air anseo.<br>- Taighde a bhaineann le seirbhísí uchtála a dhéanamh<br>- Faisnéis staidrimh agus taifid eile a chur i dtoll a chéile maidir le pleanáil chuí, forbairt chuí agus soláthar cuí na seirbhísí uchtála sin | Ainmneacha tuismitheoirí uchtaíocha agus tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha, tuismitheoirí breithe, daoine uchtaithe; seoltaí, faisnéis teagmhála; sonraí sláinte; sonraí géiniteacha; stádas pósta, faisnéis airgeadais, creidimh reiligiúnacha; cosaint leanaí agus mionsonraí faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. | (a) Chun cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla faoi na hAchtanna Uchtála 2010 (arna leasú), nó le dlíthe eile is infheidhme, nuair a éilítear orainn;<br>(b) Ar mhaithe le leas suntasach an phobail agus i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Alt 9(2)(g) RGCS (nuair is infheidhme) agus Airteagal 96 de na hAchtanna Uchtála 2010 (arna leasú);<br>(c) Nuair is gá sin chun do leasanna ríthábhachtacha nó leasanna ríthábhachtacha daoine atá beo a chosaint;<br>(d) Ní dhéanfar sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó coireanna a phróiseáil ach amháin má údaraítear sin le hAirteagal 55 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nó le dlí Éireannach eile. |

| | | |
|---|---|---|
| Sonraí pearsanta a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí, ina measc soláthraí seirbhíse earcaíochta tríú páirtí, agus soláthraithe seirbhísí TF. | Ainm, seoladh, dáta breithe, mionsonraí teagmhála, mionsonraí na bpáirtithe is mian leat teagmháil a dhéanamh leo, sainroghanna teagmhála, doiciméid aitheantais & aon fhaisnéis eile a roinneann tú, d'fhéadfadh sonraí pearsanta catagóirí speisialta a bheith san áireamh leo. (beidh an cineál sonraí a aistrítear ag brath ar cé tú féin agus cad é an tseirbhís atá in úsáid agat). | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoi na hAchtanna Uchtála 2010 (arna leasú), nó le dlíthe eile is infheidhme, nuair a éilítear orainn;<br>(b) Ar chúiseanna chun leas an phobail agus i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) RGCS agus Alt 96 de na hAchtanna Uchtála. |
| Chun ár suíomh gréasáin a oibriú:<br>- Fianáin fíor-riachtanacha a úsáid. | Bailíonn fianáin fíor-riachtanacha:<br>- d'aitheantas úsáideora uathúil;<br>- do sheoladh IP;<br>- láthair an líonra. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh;<br>(b) Ar chúiseanna chun leas an phobail agus i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) RGCS agus Alt 96 de na hAchtanna Uchtála. |
| Chun ár suíomh gréasáin a fheabhsú, go háirithe an fhaisnéis a chuirimid ar fáil faoinár seirbhísí agus chun an líon daoine a aimsíonn ar suíomh gréasáin a mhéadú:<br><br>- Fianáin roghnacha. | Próiseálann fianáin roghnacha eile na sonraí pearsanta seo a leanas:<br>- Dáta, am agus fad ama cuairteanna;<br>- An líon leathanach a bhféachtar orthu;<br>- An fad ama a chaitear ar an suíomh gréasáin;<br>- Faisnéis faoi do ghléas;<br>- Do sheoladh IP. | Toiliú (is féidir leat a tharraingt siar am ar bith). |
| Chun freagra a thabhairt ar iarraidh um shaoráil faisnéise; iarrataí um chosaint sonraí, iarraidh atá ceangailteach ó thaobh dlí de ó údarás poiblí nó ó chúirt. | Na catagóirí sonraí pearsanta atá ábhartha don iarraidh, nó mar a shonraítear in ordú cúirte. | Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh. |
| Ar chúiseanna chun leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, lena n-áirítear cosaint ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte. | Sonraí sláinte. | Chun cloí le haon oibleagáidí dlíthiúla nó rialála agus le haon cheanglais maidir leis an tsláinte phoiblí de bhun Airteagal 6(1)(c) agus Airteagal 9 (2) (b) RGCS agus Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus/nó Airteagal 9(2) (i) RGCS agus Alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. |

| | | |
|---|---|---|
| Iarrthóirí a Roghnú agus a Earcú:<br>- athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar phoist agus ar CVanna;<br>- Agallaimh a eagrú;<br>- Nótaí agallaimh a ullmhú. | Ainmneacha; seoltaí; faisnéis teagmhála; CVanna. | (a) chun conradh le hábhar sonraí a dhéanamh nó a fheidhmiú;<br>(b) Ar chúiseanna chun leas an phobail agus i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) RGCS agus Alt 96 de na hAchtanna Uchtála. |